Comhairle Contae
Dhún na nGall
Donegal County Council
Teil: 074 9153900 www.donegalcoco.ie

*Úsáid oifigiúil amháin*:
**Dátstampa:**

**Uimh thagartha LIS:** ____________

# FOIRM IARRATAIS DON SCÉIM FEABHSÚCHÁIN ÁITIÚIL
## (de réir mar atá leagtha amach faoi Scéim LIS 2025)

Is éard atá i gceist le **tograí bóithre incháilithe** ná obair thógála nó fheabhsúcháin a dhéantar ar bhóithre neamhphoiblí a thugann bealach isteach chuig:

- píosaí talaimh, a bhfuil dhá cheann nó níos mó díobh faoi úinéireacht nó in úsáid ag daoine éagsúla, agus go mbaintear úsáid thalmhaíoch as ceann amháin; nó
- le haghaidh baint an fhómhair (lena n-áirítear móin nó feamainn) do bheirt nó níos mó; nó
- chuig píosa talaimh amháin ar a laghad, atá faoi úinéireacht nó in úsáid ag duine a bhfuil baint aige le cúrsaí talmhaíochta AGUS a sholáthraíonn bealach isteach le haghaidh baint an fhómhair (lena n-áirítear móin nó feamainn) do dhuine amháin eile ar a laghad.

Ba chóir d'iarratasóirí cáipéisíocht reatha (a bhaineann leis an bhliain reatha nó an bhliain roimhe sin) a sholáthar chun a dheimhniú go bhfuil baint acu le gníomhaíochtaí talmhaíochta ar an phíosa talaimh a dtugann an togra bóthair bealach isteach chuige, m.sh. cóip de na léarscáileanna a bhaineann lena n-iarratas ar **Thacaíocht Bhunúsach Ioncaim i dtaobh na hInbhuanaitheachta (BISS)** arna sholáthar ag an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara, nó a mhacasamhail de cháipéisíocht. Ba chóir d'iarratasóirí léarscáil a sholáthar a thaispeánann an 2ú Gabháltas, m.sh. cóip de léarscáil Chlárlann na Talún nó a mhacasamhail de léarscáil. <u>Seolfar an t-iarratas ar ais mura mbeidh an cháipéisíocht chuí leis.</u>

### 1. Foirm Údaraithe & Comhaontú

Is sinne, na daoine a bhfuil ár n-ainm thíos, úinéirí réadmhaoine a bhainfidh leas as an scéim atá beartaithe nó a mbeidh éifeacht ag an scéim orainn, aontaíonn muid leis na téarmaí agus coinníollacha atá leagtha amach ar an leathanach eile.
Leis seo, ainmníonn muid agus tugann muid lánchead do ____________________________________________ gníomhú ar ár son mar Ionadaí na nIarratasóirí i ngach comhfhreagras agus i ngnó eile a eascraíonn as an iarratas seo agus aontaíonn muid uilig a bheith faoi cheangal ag a mhacasamhail de chomhfhreagras agus ag gach gníomh de chuid an Ionadaí sin.

### 2. LIOSTA 1

| | Ainm an Úinéara Réadmhaoine (BLOCLITREACHA) | Síniú an Úinéara Réadmhaoine | Úsáid Thalmhaíoch (más bainteach) |
|---|---|---|---|
| 1 | | | |
| 2 | | | |
| 3 | | | |
| 4 | | | |
| 5 | | | |

| | | | |
|---|---|---|---|
| 6 | | | |
| 7 | | | |

*Is féidir sínithe breise a chur ar bhileog eile más gá.*

**3. Ionadaí na nIarratasóirí**

Deimhním go bhfuil ainmneacha na n-úinéirí talaimh uilig agus na ndaoine sin a mbeadh a dtalamh, a dtithe nó a réadmhaoin faoi réir na scéime seo, curtha san áireamh i Liosta 1 thuas. Beidh mé ag gníomhú mar Ionadaí na nIarratasóirí.

Síniú Ionadaí na nIarratasóirí ____________________________________________

*Ainmnithe i gCuid 1 thuas*

Dáta ____________________

Seoladh ____________________________________________

____________________________________________

Éirchód ____________________________________________

Uimh. Ghutháin ____________________________________________

**4. Sonraí faoin Obair ar a bhfuil an t-iarratas bunaithe**

A. Ceantar Bardais ____________________

B. Fad & Leithead (méadar) an bhóthair a bhfuil obair fheabhsúcháin le déanamh air (meastachán) ____________________

C. Déan cur síos ar an áit a bhfuil sé go díreach ______
*m.sh. An áit a bhfuil tús an chabhsa.* ____________________________________________

D. Léarscáileanna Ceangailte ☐
*Féach Cuid 1 thuas*

E. Déan cur síos ar an obair atá le déanamh ______

____________________________________________

F. An bhfuil na Daoine sin a mbeidh éifeacht ag an obair bheartaithe, má dhéantar í, orthu féin nó ar a gcuid talaimh, sásta cead a thabhairt an obair a dhéanamh?

____________________________________________

**G. LIOSTA 2**

AINMNEACHA NA NDAOINE A BHAINFEADH/NÓ A BHAINFEADH A GCUID TALAIMH LEAS AS AN OBAIR ATÁ BEARTAITHE ACH NACH BHFUIL FAOI CHEANGAL AG AN IARRATAS SEO

| AINM | SÍNIÚ | SEOLADH |
|---|---|---|
| ---------------------- | -------------------------------- | -------------------------------- |
| ---------------------- | -------------------------------- | --------------------------------- |

------------------------ --------------------------------- -----------------------------------

**Ní mór na hiarratais líonta a sheoladh chuig:**

**Oifig Bóithre agus Iompair**

**Comhairle Contae Dhún na nGall**

**Áras an Chontae**

**Leifear**

**Co. Dhún na nGall**

**BAINEANN AN SCÉIM FEABHSÚCHÁIN ÁITIÚIL LE BÓITHRE NEAMHPHOIBLÍ (BÓITHRE FEIRME AGUS BÓITHRE ÁIRITHE A FHREASTALAÍONN AR AN PHOBAL*) AGUS BÓITHRE PORTAIGH**

*Déanann sé seo tagairt do bhóthar den chineál a d'fhéadfadh, cé nach bóthar poiblí é, dhá bhóthar phoiblí a nascadh nó atá mar bhealach isteach go dtí trá nó coimín agus a fhreastalaíonn ar phobal talmhaíochta na háite.

**Roinn 2 – Téarmaí & Coinníollacha**

1. NÍ MÓR GO RACHADH AN OBAIR CHUN LEASA BEIRT ÚINÉIRÍ RÉADMHAOINE NÓ NÍOS MÓ – NÍ MÓR GO MBEADH BAINT AG DUINE AMHÁIN LE CÚRSAÍ TALMHAÍOCHTA

2. Caithfidh an bóthar a bheith in úsáid ag an phobal, de réir na comhairle. Ní mór don obair a bheith riachtanach go hiomlán agus ní gnáthchothabháil den chineál a bheifeá ag súil go ndéanfadh na hiarratasóirí iad féin.

3. Ní ghlacfar le tabhartais chomhchineálacha m.sh. obair in aisce de rogha ar an airgead tirim.

4. Ní mór go ndéanfaidh na hiarratasóirí socruithe eatarthu féin, maidir le talamh ar bith a bheadh le cur ar fáil, gan chostas, do Chomhairle Contae Dhún na nGall le haghaidh tógáil nó leathnú nó draenáil an bhóthair.

5. Is faoi Chomhairle Contae Dhún na nGall a bheidh sé cinneadh a dhéanamh maidir le sonraíocht na hoibre a bheadh le déanamh, agus maidir leis an dóigh is fearr le dul i mbun na hoibre sin, agus ní bheidh aon éileamh ag iarratasóirí ar an Chomhairle Contae i dtaca le locht ar bith a d'fhéadfadh a bheith ar an obair chríochnaithe nó ar aon chuid den obair bheartaithe nár cuireadh i gcrích.

6. Ní mór do Chomhairle Contae Dhún na nGall an tsuim a comhaontaíodh (i.e. an costas measta) a chaitheamh ar an obair agus sa chás nach leor an tsuim sin leis an obair a chur i gcrích, ní bheidh aon dliteanas ná aon cheangal ar Chomhairle Contae Dhún na nGall aon suim sa bhreis ar an tsuim a comhaontaíodh, a chaitheamh lena chríochnú. Mar sin féin, cuirfear deontas forlíontach san áireamh má iarrann agus má thoilíonn na hiarratasóirí aon suim a bheadh riachtanach a íoc trí thabhartais áitiúla sa bhreis.

7. Nuair a bheidh an obair curtha i gcrích, is faoi na hIarratasóirí a bheidh sé a chinntiú go mbeidh bail mhaith ar an bhóthar agus aon obair dheisiúcháin a bheadh de dhíth air a dhéanamh ar a gcostas féin, agus ní bheidh aon Dliteanas ar Chomhairle Contae Dhún na nGall maidir le Cothabháil na hOibre.